Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8461/22**
**ADD 1**

**FISC 104**
**ECOFIN 373**
**N 25**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 166 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE chun an Coimisiún a údarú tús a chur le caibidlíocht chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, an comhrac in aghaidh na calaoise agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 166 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 166 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2022
COM(2022) 166 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**chun an Coimisiún a údarú tús a chur le caibidlíocht chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, an comhrac in aghaidh na calaoise agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha**

# IARSCRÍBHINN

## TREORACHA CHUN CAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH MAIDIR LE LEASÚ A DHÉANAMH AR AN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RÍOCHT NA hIORUA MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN, AN COMHRAC IN AGHAIDH NA CALAOISE AGUS ÉILIMH A AISGHABHÁIL I RÉIMSE NA CÁNACH BREISLUACHA

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir le comhar riaracháin, an comhracin aghaidh na calaoise agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha ('an Comhaontú'), tháinig sé i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2018. Leis an gComhaontú, ceadaítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus don Iorua comhoibriú ar an gcaoi chéanna agus a chomhoibríonn na Ballstáit faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle[1] agus faoi Threoir 2010/24/AE ón gComhairle[2] chun calaois CBL a chomhrac, agus chun cabhrú le chéile éilimh a aisghabháil i réimse CBL.

Idir an dá linn, áfach, rinneadh roinnt leasuithe ar Rialachán (AE) 904/2010 ón gComhairle agus tugadh isteach uirlisí nua le haghaidh comhar riaracháin, eadhon trí Rialachán leasaitheach (AE) 2018/1541 ón gComhairle[3]. I measc na n-uirlisí nua tá:

(a) feabhas a chur ar líonra Eurofisc trí rialachas treisithe, na bearta leantacha mar a thugtar orthu (comhphróiseáil agus anailís sonraí) agus fiosrúcháin riaracháin a dhéantar go comhpháirteach (iniúchtaí comhpháirteacha);

(b) an fhéidearthacht modhanna eile a úsáid chun faisnéis a mhalartú seachas na foirmeacha caighdeánacha;

(c) faisnéis a mhalartú le húdaráis forfheidhmithe dlí eile de chuid an Aontais (Europol, OLAF);

(d) faisnéis bhunriachtanach a roinnt maidir le hallmhairí agus feithiclí.

Mar sin féin, níl na huirlisí a luaitear i bpointí c) agus (d) thuas úsáideach maidir leis an gcomhar idir na Ballstáit agus an Iorua

Thairis sin, déantar tagairt sa Chomhaontú a tugadh i gcrích in 2018 do Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, a aisghaireadh le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[4].

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse CBL (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1)

2 Treoir 2010/24/AE an 16 Márta 2010 ón gComhairle maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a ghnóthú. (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1)

3 Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 904/2010 agus (AE) 2017/2454 a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha a neartú (IO L 259/1, 16.10.2018, lgh. 1-11)

4 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88)

Dá bhrí sin, ba cheart dhá aidhm a bheith ag an gcaibidlíocht:

(1) uirlisí nua comhair leis an Iorua a chur ar fáil do na Ballstáit, a mhéid is féidir agus a mhéid is gá, ar uirlisí iad atá comhchosúil leo sin a tugadh isteach i Rialachán 904/2010 le Rialachán (AE) 2018/1541. Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a chumhdach leis an gcaibidlíocht:

- faisnéis a mhalartú trí mhodhanna eile seachas foirmeacha caighdeánacha;
- fiosrúcháin riaracháin a dhéantar go comhpháirteach;
- Gníomhaíochtaí leantacha Eurofisc.

(2) na tagairtí dlíthiúla do Threoir 95/46/CE a dhéantar i Rialachán (AE) 2016/679 a thabhairt cothrom le dáta.

Níor cheart an Iorua a bheith in ann ‘rochtain a fháil ar bhunachair sonraí na mBallstát’ mar thoradh ar an gcaibidlíocht.